Príomhghnéithe

- Tá Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar Stiofáin 870m ar fhad, ag síneadh ón taobh dheas ag an acomhal le Dáilbhóthar an Iarthair go dtí an t-acomhal le Bóthar Ráthún ar an taobh thuaidh. Séard atá i gceist leis an scéim a bheartaítear ná trasghearradh 14m ar leithead a thógáil le raonta rardaithe rothar 2mar leithead in aice leis ar an dá thaobh den bhóthar agus beidh gá le roinnt talún a thógáil dá bharr ón taobh thoir den bhealach.

- Tá sé beartaithe go coimeádfaí an trasrian séabra reatha ag an mbealach isteach ar Bhóthar Stiofáin go dtí acomhal an timpealláin le Dáilbóthar an Iarthair

- Moltar trasrianta séabra ardaithe 4m ar leithead, le tadhlaí dearga, rabhcháin Belisha agus comharthaí ómra gealána-cha ag meánráta ceann amháin ag gach 130m feadh Bhóthar Stiofáin, a chur leis na suíomhana seo a leanas:

  - Ó dheas d'acomhal Na Linne Buí;
  - Ag bealach isteach na gcoisithe ar ÚSB Éireann/Aviva;
  - Ag stad bus uimh. 414, ó dheas den acomhal le Riasc Na Rí;
  - Ó dheas den acomhal le Cloch Ard; agus
  - Ó thuaidh den acomhal le Bóthar na Sléibhe.

- Tá sé beartaithe an soilsiú poiblí agus na seirbhísí poiblí reatha a uasghrádaithe. 8 uimh. Tá sé beartaithe 8 gcrann a leagadh agus 18 gcrann eile a chur.

- Séard a bheidh i gceist leis an scéim ná athailíniú teoranta a dhéanamh ar an gcarrbhealach reatha d'fhonn bonneagar nua na rothaíochta a éascú.

- Marcáil agus comharthaíocht bóithre nua a leagan síos

- Oibreacha riachtanacha eile lena mbaineann, ina measc tírdhreachtú feabhsaithe.

Déan do chuid Aiseolais a Roinnt

Tá mioneolas na scéime ar fáil ag
https://www.galwaycity.ie/Bothar-Stiofain-Cycle-Network

Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáilte roimh do thacaícht maidir le Scéim na gCosaithe agus na Rothaíochta Bhóthar Stiofáin agus roimh aon cheist nó aon aiseolas agat ina leith:

Tríd an bpost chuig
An Roinn Pleanála, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Bóthar an Choláiste, Gaillimh

Trí rPhost chuig
planning@galwaycity.ie

Le glaoch gutháin chuig
091-536599

Déanfar gach aighneacht a mheas agus, más féidir laistigh de shrianta an dearaidh agus más tairbheach í don scéim, a chur le dearadh na molta.

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland 2040

Clifton Scannell Emerson Associates

CUNNANE STRATTON REYNOLDS
LAND PLANNING & DESIGN

Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar Stiofáin

Aighneacht Cuid 8: Leabhrán Forlíontach

Réamhrá

Is réidh í topagrafaíocht Chathair na Gaillimhe den chuid is mó agus cuidíonn a leithéid leis an rothaíocht. Mar sin féin, cuireann méid trácht na bhfeithiclí ar shráideanna na cathrach le timpeallacht nach bhfuil compórdachach ná nach nglactar a bheith sábháilte don rothaíocht.

Is ionann sciar na rothaíochta de chuid mhódh an iompair sa Chathair faoi láthair ach thart ar 5%. Mar is léir ón líonra bus, agus a tugadh faoi deara laistigh de Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG), is teoranta agus neamhleanúnach é líonra reatha bonneagar na rothaíochta.

D'fhonn fadhb brú na tráchta, atá ag dul i méid gan stad sa chathair, a mhaolú, is tábhachtach é líon na bhfeithiclí a théann isteach sa chathair a laghdú trí **rochtain ar mhodhanna malartacha agus níos inbhuanaithe a éascú**. Toisc go bhfuil an topagrafaíocht sách réidh agus gur dlúth é lár na cathrach, **oireann an rothaíocht go maith mar mhodh iompair le Gaillimh**.

Sí ardchuspóir **Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar Stiofái**n ná líonra coisithe agus rothaíochta a chur ar fáil ar an taobh thiar den chathair a ligfidh bealach taistil gníomhach atá sábháilte agus mealltach a dhéanamh, ag freastal ar gach úsáideoir lena n-áirítear comaitéirí, grúpaí fóillíochta agus grúpaí rothaíocht teaghlaigh.

Nuair a chríochnófar an bealach i ndeireadh na dála, **feabhsóidh sé an tsábháilteacht, laghdóidh sé luas na bhfeithiclí, agus cuirfidh sé le líon méadaithe na dturas ag coisithe agus ag rothaithe sa cheantar**.

Tá an chuid den mholadh seo a baineann de Bothár Stiofáin (atá aitheanta sna SIG mar Phríomhbhealach Rothaíochta) á cur chun cinn anois faoi Chuid VIII, Airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú)..

Tá **Scéim Líonra Rothaíochta Bhóthar Stiofáin** 870m ar fhad, ag síneadh ón taobh dheas ag an acomhal le Dáilbhóthar an Iarthair go dtí an t-acomhal le Bóthar Ráthún ar an taobh thuaidh. Séard atá i gceist leis an scéim a bheartaítear ná trasghearradh 14m ar leithead a thógáil le raonta rardaithe rothar 2mar leithead in aice leis ar an dá thaobh den bhóthar agus beidh gá le roinnt talún a thógáil dá bharr ón taobh thoir den bhealach. Cuirfear trasrianta séabra ardaithe leis ag eatraimh oiriúnacha chomh maith.

Ceanglaíonn an bealach ceantair chónaithe le Páirc Mhiondíola Gateway, moil na fostaíochta, Gaelscoil Mhic Amhlaigh agus CP Galway Bohemians. Cuireann an bealach nasc freisin ar fáil le Dáilbhóthar an Iarthair, áit a bhfuil ionaid mhóir na fostaíochta, an oideachais agus an mhiondíola inti.

Sonraí Léarscáil



Cuspóirí Straitéiseacha

Plean Forbartha CC G2023-2029
An uasnascaíocht agus an uastréscaoilteacht a chur chun cinn, a éascú agus a chothabháil do choisithe agus rothaithe i ndearadh agus i mbainistiú na dtionscadal poiblí agus príobháideach nua agus in uasghrádú in iarfheistiú na bhforbairtí reatha.

Straitéis Iompar na Gaillimhe
Timpeallacht shábháilte chompordach a chur ar fáil do rothaithe i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird. Éascóidh na tograí gluaiseacht mhéadaithe na gcoisithe agus an rothair laistigh den chathair, rud a fheabhsóidh an ceangal agus an tréscaoilteacht agus a chruthóidh fearann poiblí níos mealltaí, níos cuimsithí agus níos beoga

An Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023
Laghdú 51% ar leibhéal reatha na n-astaíochtaí a mbaineann le an iompar a dhéanamh faoin mbliain 2030. Éilíonn an CBT23 go ndéanfaí ciorrú suntasach ar astaíochtaí an iompair faoin mbliain 2030 ionas uasteorainn astaíochtaí na hearnála seo a chomhlíonadh. Áirítear leis seo laghdú 20% ar líon iomlan na gciliméadair feithicle, laghdú ar úsáid an bhreosla, agus méadú suntasach ar líon turas agus ar sciar modha an iompair inbhuanaithe.

Cuspóirí an Bhealaigh

Forbairt an Bhealaigh
Bóthar Stiofáin a fhorbairt d'fhonn líonra fóntais (d' ionaid chónaithe, shiopadóireachta, oibre agus oideachais lena nascadh le haghaidh turais rothaíochta feidhme) agus líonra áineasa (bealach sách fada ar chaighdeán sásúil chun freastal ar thurais aclaíochta, sóisialta agus turasóireachta) a chur ar fáil.

Iompar Poiblí
Chun feabhsuithe a dhéanamh ar bhonneagar na stadanna bus bonneagar le haghaidh na seirbhísí bus atá ann cheana féin ar feadh an bhealaigh

Áiseanna an Phobail
Feabhsuithe a chur ar fáil dóibh siúd atá ag taisteal go dtí Páirc Mhiondíola Gateway, moil na fostaíochta, Gaelscoil Mhic Amhlaigh agus CP Galway Bohemians.

Scéimeanna Eile
Ligean le naisc amach anseo le scéimeanna molta cóngaracha (siad sin, seirbhísí beartaithe de chuid BusConnects Gaillimh agus aon fheabhsúchán na rothaíochta atá beartaithe feadh Dáilbhhóthar an Iarthair).